View in browser

03 Márta 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 87







## CAIFE LITRÍOCHTA NA GAELTACHTA

Tá Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann tagtha le chéile arís le sraith cainteanna ar réimsí éagsúla litríochta a reáchtáil. Cuirtear aoichainteoir ar leith i láthair chuile sheachtain. 'Sé **Dúchas an Daingin** a bheas á óstáil an tseachtain seo chugainn. Cuirfear fáilte roimh an seandálaí agus file Simon Ó Faoláin ar an Máirt 8ú Márta. 'Sé a shaothar féin darbh ainm *'Ceannaithe an chnósaigh! Léirithe ar Bhaile an Daingin i Nuafhilíocht na Gaelainne'* a bheas á phlé ag Simon. Cuirfear tús leis an seisiún @ 7i.n. Is féidir clárú do na seisiúin ach teagmhail a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com.




## SEISIÚN CEOIL DON TEAGHLACH


Tá seisiún ceoil don teaghlach uilig á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ar an Satharn 12 Márta @ 2i.n. In ionad **Splanc** ar an gCeathrú Rua a bheas an seisiún ar siúl. Píosa spraoi a bheas ann agus beidh deis ag an teaghlach uilig a gcuid uirlisí a chrochadh leo agus ceol a chasadh i gcomhluadar a chéile. Cuirfear sólaistí ar fáil ina dhiaidh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le aisling@tuismitheoiri.ie

## LE CION AR JOE

Cuirfidh **Aisteoirí an Spidéil** an seó omóis '*Le Cion ar Joe*', ar stáitse i Seanscoil Sailearna ar an 17ú agus an 18ú Márta. Bhí an seó réitithe le dul ar an ardán mar chuid de Fhéile Chois Fharraige, mí na Samhna seo caite, ach socraíodh é a chur ar athló, nuair ab éigean clár na féile a leasú de bharr cúrsaí sláinte poiblí. Seó ilmheáin atá ann ina léireofar blaisíní de shaothar Joe Steve Ó Neachtain idir fhilíocht, prós, drámaíocht agus fealsúnacht. Tá os cionn scór duine ag cleachtadh go dian faoi láthair faoi stiúir Mhike P. Ó Conaola. Beidh míreanna físe agus fuaime, chomh maith le míreanna drámaíochta, aithriseoireachta, amhráin, ceoil agus agallamh beirte ar chlár na hoíche. Is féidir ticéid a chur in áirithe ach glaoch ar .

## LÁ DOMHANDA NA LEABHAR 2022

Lá mór litríochta atá ann inniu agus ceiliúradh á dhéanamh ar Lá Domhanda na Leabhar 2022. Ar an lá seo, dáilfear dearbháin speisialta ar ghasúir bunscoile ó cheann ceann na tíre gur féidir iad a úsáid le rogha de cheithre leabhar déag a fháil. Don chéad uair le blianta fada, tá leabhar Gaeilge ar cheann de na roghanna a bheas ar fáil do léitheoirí óga. Tá *Cluasa Capaill ar an Rí,* a d'fhoilsigh Futa Fata sa Spidéal, i measc na leabhar ar an liosta i mbliana. Is scéal é Cluasa Capaill ar an Rí atá préamhaithe i mbéaloideas na hÉireann faoi Labhraí Loingseach, an Rí a raibh cluasa capaill air! Bronnadh Gradam Réics Carló 2021, do Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg, ar an leabhar, a scríobh Bridget Bhreathnach agus a mhaisigh Shona Shirley Macdonald. Tá físeán foilsithe ag Futa Fata ar a gcuntas Facebook, ina dtugann Bridget Breathnach roinnt eolais ar Lá Domhanda na Leabhar agus na dearbháin a bheas ag teastáil leis an eagrán speisialta seo a fháil i do shiopa áitiúil. Is féidir breathnú ar an bhfíseán anseo.







## SCOLÁIREACHTAÍ DO CHÚRSA CEANNAIREACHTA LE BRONNADH

Tá dhá scoláireacht do Chúrsa Ceannaireachta le Coláiste Uisce á thairiscint ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh na scoláireachtaí seo á bhronnadh ar bheirt dhéagóirí as Limistéir Chois Fharraige, sin ó Ros a' Mhíl go dtí Na Forbacha. Tugann an cúrsa seo deis do dhaoine óga scileanna ceannaireachta agus scileanna cumarsáide a chothú agus a fhorbairt i suíomh dearfach foghlama. An príomhsprioc atá ag an gcúrsa seo ná muinín a

thabhairt do dhaoine óga a bheith neamhspleách agus muiníneach. Le suim a léiriú sa chúrsa ceannaireachta, nó le tuilleadh eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Pleanála Teanga ag ocptchoisfharraige@gmail.com roimh an gCéadaoin 9ú Márta 2022.

## OÍCHE CLÁRÚCHÁIN CLUB ÓIGE RÉALT NA MARA

Beidh oíche clárúcháin do Chlub Óige Réalt na Mara, Na Forbacha ar siúl ar an Déardaoin 10ú Márta @ 7i.n. Sa halla, i Scoil na bhForbacha a bheas an oíche clárúcháin ar siúl. Do ghasúir bunscoile Club Óige Réalt na Mara. Beidh deis ag tuismitheoirí a ngasúir a chlárú le bheith mar bhall den chlub ar an oíche, chomh maith le plé a bheith acu maidir le himeachtaí agus moltaí don Chlub. Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294

## CRANNCHUR MÓR NA MBREATHNACH

Tá crannchur mór á eagrú arís i mbliana ag Cumann Micheál Breathnach le airgead a bhailiú le dul i dtreo reáchtáil an chlub. Mar a bhí anuraidh, tá dhá chuid sa gcrannchur: beidh tarraingt áitiúil ann ar an Domhnach 20ú Márta. Ansin, cuirfear na ticéid ar aghaidh go Páirc an Chrócaigh le haghaidh tarraingt náisiúnta ar an 2ú Meitheamh le haghaidh duaiseanna móra. I mbliana tá 65 duais le dáileadh amach sa gcrannchur áitiúil, curtha ar fáil go fial ag comhlachtaí áitiúla. Is fiú €250 cuid de na dearbháin atá le bronnadh ar bhuaiteoirí. Níl ach €10 ar thicéad agus beidh siad á ndíol ag baill an chlub as seo go ceann cúpla seachtain.

## SAOL ELLA

Tá dráma nua **- Saol Ella** -ag teacht go TG4 agus tá éisteachtaí á reáchtáil ag **Danú Media** go luath! Tá fáilte roimh aisteoirí óga idir 12-18 mbliana d'aois foirm iarratais a líonadh le suim a léiriú ann. Is féidir foirm iarratais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le aisteoirisaolella@gmail.com le d'ainm, d'aois, do bhliain scoile, roinnt eolais maidir leis na scileanna atá agat chomh maith le pictiúr. Ní mór an fhoirm a líonadh roimh an Luan 14ú Márta 2022. Cuirfear tús le taifeadadh i mí an Mheithimh 2022.





## RAIDIÓ NA GAELTACHTA: 50 BLIAIN AR AN BHFÓD

Tá sé beartaithe ag **RTÉ Raidió na Gaeltachta** rogha den cheol agus den amhránaíocht is mó a thaitin le, agus a chuaigh i bhfeidhm ar, na héisteoirí ó

1972 a chur ar albam le ceiliúradh a dhéanamh ar an stáisiún ar bheidh 50 bliain ar na bhfód. Déanfaidh an t-albam seo ceiliúradh ar chuid lárnach de chultúr na Gaeltachta, sin an ceol agus na hamhráin, atá ag croílár chraoladh an stáisiúin. Trí dhlúthdhiosca a bheas san albam - meascán d' amhránaíocht ar an sean-nós, ceol traidisiúnta agus amhráin a cumadh ó 1972 a bheas le cloisteáil orthu. Tá Raidió na Gaeltachta ag lorg cúnamh an phobail leis na píosaí ceoil seo a roghnú. Le moltaí a dhéanamh maidir leis na hamhráin ar an sean-nós, is féidir litir a sheoladh chuig RTÉ Raidió na Gaeltachta, Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig rnag50@rte.ie roimh an 11ú Márta.

## COMÓRTAS LITEARTHA 2022

Is féidir iarratas a dhéanamh anois ar Chomórtas Liteartha an Oireachtais 2022. Is iomaí catagóir éagsúil atá sa gcomórtas do scríbhneoirí idir óg agus níos sine. Glacfar le ficsean, saothar próis, filíocht, gearrscéalta, drámaí raidió, iriseoireacht agus scripteanna greannáin/gearrscannáin. Is féidir níos mó eolais faoi na catagóirí éagsúla, chomh maith leis na critéir agus foirm iarratais a bhaineann leis an gcomórtas a fháil anseo.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite